C/2026/2790

18.5.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/2790)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Culatello di Zibello'

Uimhir thagartha AE: STFC-IT-1540-AM03 — 20.2.2026

1. **Ainm an táirge**

'Culatello di Zibello'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta - An Roinn Biafhlaithis agus Spóirt Eachaíochta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Ní leasuithe ar leibhéal an Aontais iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ATFC Culatello di Zibello toisc nach gcomhlíonann siad na critéir a leagtar síos in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143, i.e.:

— níl i gceist leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm;

— níl baol ann dá ndeasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní; agus

— níl srianta breise ar chur ar an margadh an táirge i gceist leo.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 1

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach mír shonrach maidir le 'Saintréithe géiniteacha'. Soiléiríodh tionscnamh géiniteach an amhábhair i ndáil le cineál géiniteach na bpóraitheoirí, ainmhithe fireanna agus ainmhithe baineanna araon, trí na teaglamaí géiniteacha ceadaithe a áireamh. Dá bhrí sin, rinneadh an tagairt sa téacs do na forálacha maidir le pórtha le haghaidh an ATFC Prosciutto di Parma agus an ATFC Prosciutto di San Daniele a ionadú.

Cúis: Leis an leasú, soiléirítear teaglamaí ceadaithe na gcrosálach póraithe. Tá sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar phór agus ar chineál géiniteach an dá phóraitheoir chun saintréithe muc trom a choinneáil ar bun, go háirithe a mhéid a bhaineann le comhoiriúnacht leis na trí phór tagartha i Leabhar Tréada na hIodáile atá beartaithe do tháirgeadh muc trom agus a úsáidtear le haghaidh an ATFC Culatello di Zibello.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 2

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tábla ina mínítear na ceanglais ghéiniteacha le haghaidh muc agus na teaglamaí ceadaithe agus neamhcheadaithe.

Cúis: Le cuimsiú an tábla, soláthraítear níos mó soiléireachta maidir leis an sainmhíniú ar na teaglamaí sin de chrosphórú géiniteach amháin a d'fhéadfadh a bheith ann.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 3

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tagairt don liosta de chineálacha géiniteacha atá formheasta ag an Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta.

Cúis: Leis an tagairt d'fhoilsiú an liosta agus dá nuashonrú, is féidir faireachán níos fearr a dhéanamh ar an slabhra táirgí.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 4

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Sonraítear sa leasú nach bhféadfar feoil ó chollaigh agus ó chránacha agus ó mhuca ina bhfuil saintréithe neamhfhabhracha, go háirithe soghabháltacht i leith struis (Siondróm Struis na Muc), a úsáid.

Cúis: Is iomchuí an leasú chun a shoiléiriú nach bhfuil feoil ó chollaigh agus ó chránacha agus ó mhuca ina bhfuil saintréithe neamhfhabhracha iomchuí lena húsáid i dtáirgeadh Culatello di Zibello. Tá sé sin i gcomhréir leis an gcleachtas atá ann faoi láthair, ar cleachtas é atá bunaithe go dtí seo ar thagairt do na sonraíochtaí táirge le haghaidh ATFC Prosciutto di Parma agus ATFC Prosciutto di San Daniele.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 5

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach roinn shonrach maidir le 'Tógáil agus beathú'. Cuireadh isteach na céimeanna cróineolaíocha traidisiúnta a bhaineann le tógáil muc: diúl, scoitheadh, fás agus méathú, agus ar an gcaoi sin an tagairt don ATFC Prosciutto di Parma agus don ATFC Prosciutto di San Daniele a ionadú.

Cúis: Sonraítear leis an leasú na céimeanna de thógáil muc trom atá san áireamh cheana féin sna sonraíochtaí táirge dá dtagraíonn an tsonraíocht táirge leasaithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 6

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach na forálacha maidir le céim dhiúil na mbanbh, a bhfuil a fad atá suas le 28 lá ar a laghad, i gcomhréir le forálacha Roinn C de Chaibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2008/120/CE. Cuireadh isteach tagairtí freisin do bhainbh atá ar chíoch na cránach nó atá á mbeathú le bainne go saorga, do thabhairt amhábhar ceadaithe agus d'úsáid mianraí, forlíontaí vitimíní agus aimíonaigéad, agus breiseán.

Cúis: Sainmhínítear go beacht sa leasú saintréithe na céime diúil i gcomhréir le forálacha reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Le húsáid forlíontaí vitimíní agus aimíonaigéad, agus breiseán, áirithítear fás cuí matán agus cabhraíonn sé le díleá agus ionsú cothaitheach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 7

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, leagtar síos na modhanna agus an t-uainiú chun an cneasmharc tionscnaimh dúigh a chur ar dhá chos gach muice agus an cneasmharc gaolmhar agus samhlacha pláta lena chur.

Cúis: Rialáiltear go beacht leis an leasú na huirlisí agus na céimeanna riachtanacha chun rianú agus inrianaitheacht an amhábhair le haghaidh Culatello di Zibello a áirithiú ón gcéad chéim tógála, agus úsáid á baint as na huirlisí atá in úsáid cheana féin, a chomhlíonann na sonraíochtaí a tugadh isteach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 8

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tábla tagartha ina léirítear an litir ba cheart a úsáid chun mí bhreithe an bhainbh a léiriú, atá le háireamh sa chneasmharc tionscnaimh.

Cúis: Leis an leasú, soláthraítear soiléireacht agus trédhearcacht uasta maidir le rianú agus inrianaitheacht na muc a úsáidtear chun Culatello di Zibello a tháirgeadh chun seiceáil aois na muc ag na céimeanna tógála agus maraithe a éascú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 9

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tá an fhéidearthacht ann gairis aitheantais a úsáid in ionad an chneasmhairc tionscnaimh arna chur i bhfeidhm ag an bhfeirmeoir nó in éineacht leis an gcneasmharc tionscnaimh.

Cúis: Trí ghairis a úsáid in ionad an chneasmhairc tionscnaimh nó in éineacht leis, is féidir uirlisí rianaithe agus lorgaireachta eile a úsáid i gcomhréir le forbairtí teicneolaíochta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 10

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, soláthraítear riail chun aois na muc a dhearbhú i míonna.

Cúis: Leis an leasú, is féidir aois na muc ag na céimeanna tógála agus maraithe a sheiceáil go soiléir agus gan débhrí.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 11

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach forálacha maidir le céim scoite na muc. Tugadh isteach rialacha lena rialaítear fad na céime sin, meáchan uasta na mbanbh agus beathú. Tugadh isteach tagairt do bheatha thirim a thabhairt, d'úsáid forlíonta vitimíní, mianraí agus aimíonaigéid, agus d'úsáid breiseán. Méadaíodh an tréimhse scoite ó 80 lá go 3 mhí agus socraíodh an uasteorainn meáchain le haghaidh na mbanbh ag 40 kg.

Cúis: Leis an leasú, leagtar síos dhá pharaiméadar – fad agus meáchan uasta – lena n-áirithítear fás de réir a chéile agus cothrom na muc le linn na céime scoite. Le linn na céime sin, féadfar na muca a bheathú leis na hamhábhair uile a cheadaítear leis na rialacha atá i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíontar a riachtanais chothaitheacha, leasa ainmhithe agus sláinte. Leis an tagairt do na formáidí ina gcuirtear an bheatha i láthair, is féidir leis an bhfeirmeoir an ceann atá le húsáid a roghnú. Le húsáid forlíontaí vitimíní, mianraí agus aimíonaigéad, agus breiseán, áirithítear fás cuí matán na muc agus cabhraíonn sé le díleá agus ionsú cothaitheach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 12

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Cuirtear isteach leis an leasú forálacha maidir leis an gcéim fáis, socraítear uastréimhse 5 mhí leis agus méadaítear an meáchan is féidir a bhaint amach ag deireadh na céime ó 80 kg go 85 kg.

Sonraíodh tagairt do lamháltais ar amhábhair aonair i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009, agus scriostar an tagairt don chéatadán 10 %. Cuireadh isteach go sainráite gur féidir leis an bhfeirmeoir an bheatha a thabhairt i bhfoirm thirim freisin.

Cuireadh isteach 'Tábla na n-amhábhar ceadaithe' agus tá sin le húsáid freisin le haghaidh na chéad chéime eile, i.e. méathú, ar áiríodh rialacha sonracha ina leith. Leasaíodh ainmneacha na n-amhábhar seo a leanas, agus an ainmníocht dá bhforáiltear i rialacha an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna thabhairt cothrom le dáta le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, á cur san áireamh:

— ní thagraítear do 'arbhar Indiach' san Iodáilis a thuilleadh mar '*mais*' ach ina ionad sin mar '*granturco*';

— tagraítear do 'seimilín' anois mar 'min';

— tagraítear do 'meidic na mbó dhíhiodráitithe' anois mar 'meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)';

— ní thagraítear do 'asbhrúchán rois' in Iodáilis a thuilleadh mar '*expeller di lino*' ach ina ionad sin mar '*panello di lino*', agus cuireadh na nithe seo a leanas isteach: 'beatha asbhrúcháin rois, min rois, beatha mine rois';

— tagraítear do 'prabhait úll agus piorraí, craicne fíonchaor nó craicne trátaí mar iompróirí le haghaidh forlíontaí cothaitheacha' anois mar 'laíon torthaí agus laíon trátaí (prabhait trátaí) mar iompróirí réamh-mheascáin';

— tagraítear do 'giosta bríbhéireachta agus/nó giosta torula' anois mar 'giostaí';

— tagraítear do 'min úsctha ginidín arbhair Indiaigh' (úsáidtear an focal '*mais*' san Iodáilis) anois mar 'min ginidín arbhair Indiaigh' (úsáidtear an focal '*granturco*' san Iodáilis);

— tagraítear do 'triosc driogaireachta' anois mar 'triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha'.

Baineadh na hamhábhair seo a leanas:

— 'carúb a bhfuil na clocha bainte as';

— 'líseáití próitéine';

— ‘prátaí díhiodráitithe’;

— ‘casabhach’;

— ‘laíon biatais brúite agus sadhlasaithe’;

— ‘min seasamain’;

— ‘min úsctha cnó cócó’;

— ‘min feola’.

Scriosadh an focal ‘coirce’ ón gcatagóir ‘mionghránaigh’.

Athraíodh cainníocht na n-amhábhar seo a leanas:

— ‘bláthach’ le haghaidh na céime fáis amháin (a athraíonn go 250 g ar a mhéad in aghaidh na muice in aghaidh an lae d’ábhar tirim), gan dochar don fhíoras nár cheart ‘meadhg’ agus ‘bláthach’ in éineacht le chéile a bheith níos mó ná 15 lítear in aghaidh na muice in aghaidh an lae;

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’ (ó suas le 5 % go dtí suas le 10 %);

— ‘arbhar Indiach’ (ó suas le 55 % go dtí suas le 65 %);

— ‘sorgum’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘eorna’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘cruithneacht’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘triteacál’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘laíon biatais díhiodráitithe’ (ó suas le 4 % go dtí suas le 10 %);

— ‘meidic na mbó, triomaithe ag teocht ard’ (ó suas le 2 % go dtí suas le 4 %).

Cuireadh na hamhábhair seo a leanas isteach:

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘sadhlas arbhair’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘min bhuí lándéise’;

— ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘beatha asbhrúcháin rois, min rois, beatha mine rois’;

— ‘lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘táirgí a fhaightear le linn ráib olashíol a úscadh’;

— ‘pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe’, le haghaidh na céime fáis amháin.

Roinneadh an t-amhábhar ‘piseanna agus/nó síolta glasraí léagúmacha eile’ ina dhá iontráil: ‘piseanna’ agus ‘síolta glasraí léagúmacha eile’, agus méadaíodh na cainníochtaí (‘piseanna’ suas le 25 % agus ‘síolta glasraí léagúmacha eile’ suas le 10 %).

Maidir le ‘min gráin agus/nó déise arbhair’, sonraíodh go mbaineann sé sin le ‘grán arbhair Indiaigh agus/nó dias arbhair’.

Athraíodh ‘min úsctha soighe’ go dtí ‘táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh’, agus rinneadh an céatadán úsáide le linn na céime fáis agus na céime méathaithe araon a shocrú ag suas le 20 %.

Athraíodh ‘min lus na gréine’ go ‘táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh’, ar méadaíodh a n-úsáid go dtí suas le 10 %.

I Nóta 4 a ghabhann leis an tábla, leagtar síos cion uasta amhshaille nach mó ná 2,5 % den ábhar tirim i gcás táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe, síolta lus na gréine agus ráib olashíl a úscadh.

Cuireadh isteach an rogha mianraí, vitimíní agus breiseáin a úsáid.

I nóta 2, rinneadh an sainmhíniú ar 'triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha' níos soiléire.

De bhreis ar an uasteorainn 2 % i gcás aigéad líonoiléach, tugtar isteach leis an leasú uasteorainn saille 5 % d'ábhar tirim na haiste bia.

Cúis: Socraíodh an meáchan uasta ag 85 kg – in ionad 80 kg – mar gheall ar fhorbairtí i gcaighdeáin ghéiniteacha, chothaithe agus leasa ainmhithe, rud a chuir feabhas ar chumas fáis na muc. Cuireadh an uastréimhse – 5 mhí – leis chun a áirithiú go mbeidh an fás cothrom roimh an gcéim mhéathaithe.

Leis an tagairt do na lamháltais ar amhábhair aonair, is féidir teacht i gcomhréir leis an reachtaíocht bheatha atá i bhfeidhm, is é sin Airteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009.

Leis an tagairt do bheatha thirim, is féidir leis an bhfeirmeoir an modh atá le húsáid a roghnú.

Trí 'Tábla d'amhábhair cheadaithe' aonair a chur isteach le haghaidh na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, is éasca an tsonraíocht táirge a léamh.

Athraíodh ainmneacha na n-amhábhar i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 68/2013 ón gCoimisiún, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1017. An téarmaíocht a thabhairt cothrom le dáta chun léiriú níos soiléire a thabhairt ar an gcineál amhábhair dá dtagraítear.

Scriosadh an tagairt do 'coirce' toisc go dtagann sí faoin gcatagóir 'mionghránaigh'.

Baineadh 'min feola' toisc nach n-úsáidtear a thuilleadh í i bhfianaise na srianta rialála a tugadh isteach le déanaí.

Baineadh na hamhábhair 'carúb as a bhfuil na clocha bainte', 'líseáití próitéine', 'prátaí díhiodráitithe', 'casabhach', 'biatas, laíon fliuch brúite agus sadhlasaithe', 'min seasamain' agus 'min eastósctha cnó cócó', toisc gur ar éigean a fhástar na hamhábhair sin sa limistéar geografach ina dtógtar na muca, nó nach bhfástar ar chor ar bith iad a thuilleadh, nó gur deacair iad a fhoinsiú, nó go bhfuil luach íseal cothaitheach iontu nó nach n-úsáidtear iad ar chúiseanna teicniúla agus ar chúiseanna a bhaineann le cáilíocht. Dá bhrí sin, leis an leasú, baintear an fhéidearthacht amhábhair ó lasmuigh den limistéar tógála muc a úsáid nach raibh in úsáid cheana féin ach i gcainníochtaí diomaibhseacha, má úsáideadh ar chor ar bith iad. Ina ionad sin, tá amhábhair áitiúla eile á n-úsáid, rud a neartaíonn an nasc idir Culatello di Zibello agus an limistéar geografach.

Go háirithe, cuireadh béim níos mó ar an tábhacht a bhaineann le haiste bia gránachbhunaithe, agus méadú ar chéatadáin 'arbhar Indiach', 'eorna', 'sorgam', 'cruithneacht' agus 'triteacál', ós rud é go raibh na beathaí sin mar bhonn i gcónaí d'aiste bia thraidisiúnta na muc. Thairis sin, is iondúil go bhfásann na feirmeoirí iad féin na beathaí sin go minic sa limistéar geografach, rud a neartaíonn an nasc leis an limistéar; áirithítear leo freisin go bhfuil brat saille na muc iomchuí chun Culatello di Zibello a tháirgeadh.

Tá 'sadhlas arbhair' agus 'triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha', a bhfuil an dara ceann lán le vitimín B, curtha isteach anois le haghaidh na céime méathaithe ós rud é gur amhábhair idéalacha iad lena n-áirithítear leibhéal leordhóthanach brait saille agus, mar gheall ar a gcion snáithín, déanann muca fásta iad a dhíleá i bhfad níos fearr ná muca óga.

Úsáidtear 'min bhuí lándéise', atá fíorlán le snáithín, mar mhalairt ar bhran chun snáithín cothaitheach a thabhairt do na hainmhithe.

Is é is cúis leis an méadú ar 'laíon biatais díhiodráitithe' gur táirge an-mhaith, an-snáithíneach é; tá an cion snáithín an-indíleáite sa stéig mhór agus, dá bhrí sin, is táirge oiriúnach é d'ainmhithe fásta.

Méadaíodh úsáid na n-amhábhar 'bláthach' (le linn na céime fáis), 'meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)' agus 'táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh' mar gheall ar a n-infhaighteacht sa limistéar táirgeachta traidisiúnta agus na torthaí eolaíocha a rinneadh i dtionscal na beatha le 10 mbliana anuas.

Tá an úsáid mhéadaithe a bhaintear as 'min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair' nasctha lena cion ard próitéine, atá úsáideach san aiste bia (garbhphróitéin) agus atá an-indíleáite.

Tugadh isteach úsáid 'lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu' le haghaidh na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, ós rud é gur cuireadh an teorainn nua 5 % ar shaill san ábhar tirim san aiste bia leis an teorainn 2 % ar aigéad líonoiléach, áirithítear, má úsáidtear blonag le linn na céime méathaithe, go bhfuil leibhéal bhrat saille na muc leordhóthanach.

Sonraíodh go dtagraíonn ‘min ghráin agus/nó déise arbhair’ do ‘grán arbhair Indiaigh agus/nó dias arbhair’, toisc go bhféadfaí go dtagródh an téarma ‘dias’ do ghránaigh eile freisin.

Cuireadh ‘beatha asbhrúcháin rois’, ‘min rois’ agus ‘beatha mine rois’ isteach de bhreis ar ‘asbhrúchán rois’ toisc gur amhábhair chomhchosúla iad agus go n-áirítear iad i Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Cuireadh isteach ‘Pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe’ toisc, le linn na céime fáis, go dtugann soighe fuinneamh atá fíor-riachtanach chun riachtanais fuinnimh na muc a chomhlíonadh.

Méadaíodh úsáid ‘piseanna’ agus ‘síolta léagúim eile’ toisc gur amhábhair iad sin a fhásann sa limistéar táirgeachta; áirithíonn ‘piseanna’ cáilíocht bhrat saille na muc freisin agus, murab ionann agus léagúim eile, tá tiúchan íseal tosca frithchothaitheacha iontu.

Maidir le ‘táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh’, rinneadh an céatadán a shocrú ag 20 % le linn na céime fáis agus na céime méathaithe araon, chun a áirithiú go bhfuil brat saille na muca leordhóthanach. Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. ‘min (pónaire) soighe’, i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin rinneadh dhá iontráil díobh, ‘min (pónaire) soighe’ agus ‘beatha mine (pónaire) soighe’, i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 1017/2017. Liostaítear i Rialachán (AE) 2017/1017 roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh; ní féidir iad ar fad a liostú agus d’fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás nuashonruithe/leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1017. Leagadh síos cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim sna nótaí a ghabhann le tábla na n-amhábhar ceadaithe chun brat saille iomchuí a áirithiú.

Maidir le ‘táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh’, atá socraithe anois ag 10 %: tá cion amhshaille an amhábhair tábhachtach chun a áirithiú go bhfuil brat saille na muc oiriúnach; dá bhrí sin, áiríodh cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim sna nótaí a ghabhann leis an tábla maidir le hámhabhair ceadaithe. Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. ‘min shíolta lus na gréine’ i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin rinneadh dhá iontráil díobh, ‘min shíolta lus na gréine’ agus ‘beatha mhin shíolta lus na gréine’, in 2013 i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1017. Le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, liostaítear roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh; ní féidir iad ar fad a liostú agus d’fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás nuashonruithe/leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1017.

Maidir le ‘táirgí a fhaightear le linn ráib olashíl a úscadh’, cuireadh ‘ráib olashíl’ ar an liosta amhábhar le gairid toisc gur féidir cineálacha nua a roghnú atá saor ó ghlúcóisínealáit agus ó aigéad éarúcach (tosca frithchothaitheacha) a bhuí leis an dul chun cinn sa ghéineolaíocht; cuireadh foclaíocht ar an iontráil chun an struchtúr a úsáidtear le haghaidh táirgí soighe agus lus na gréine a mheaitseáil. Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. ‘min ráibe olashíl’ i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin rinneadh dhá iontráil díobh, ‘min ráibe olashíl’ agus ‘beatha mine ráibe olashíl’, in 2013 i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 1017/2017. Le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, liostaítear roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn ráib olashíl a úscadh; ní féidir na hámhabhair uile a liostú agus d’fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás ina dtugtar Rialachán (AE) 2017/1017 cothrom le dáta. Leagadh síos cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim sna nótaí a ghabhann le tábla na n-amhábhar ceadaithe chun brat saille atá oiriúnach do tháirgeadh Culatello di Zibello a áirithiú.

Áirithítear le húsáid vitimíní, mianraí agus breiseán fás cuí matán agus cabhraíonn sé le díleá agus ionsú cothaitheach.

Soiléiríodh an sainmhíniú ar ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’ trí úsáid a bhaint as an bhfoclaíocht i bpointe 1.12.9 de Rialachán (AE) 2017/1017.

Áirithítear leis an uasteorainn saille, a chuirtear le teorainn an aigéid líonoiléach, leibhéal oiriúnach brait saille chun Culatello di Zibello a tháirgeadh. Tá an dá chritéar sin fíor-riachtanach, toisc gur méadaíodh amhábhair a d’fhéadfadh a bheith ina bhfoinsí saillte a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar cháilíocht bhrat na saille na muc (arbhar Indiach) nó gur tugadh isteach iad (lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu).

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 13

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach an fhoráil go dtagann 50 % ar a laghad d'ábhar tirim na beatha muc, ar bhonn bliantúil, ón limistéar geografach ina dtógtar na muca.

Cúis: Is ón limistéar geografach ina dtógtar na hainmhithe a thagann na hamhábhair lena mbeathaítear na muca. D'fhéadfadh sé, áfach, nach mbeadh sé indéanta go teicniúil, ar chúiseanna a bhaineann leis an aeráid agus ar chúiseanna tráchtála, 100 % de na hamhábhair a fháil go háitiúil. In aon chás, ráthaítear cáilíochtaí Culatello di Zibello agus a nasc leis an limistéar i gcónaí toisc go bhfaightear 50 % ar a laghad den ábhar tirim sa chandam beatha ar bhonn bliantúil ón limistéar geografach ina dtógtar iad, i gcomhréir le hAirteagal 47(2) de Rialachán (AE) 2024/1143.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 14

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, sna rialacha maidir le muca a bheathú a bhaineann leis an gcéim mhéathaithe, tagraítear ar ais do 'Tábla na n-amhábhar ceadaithe' a áirítear sa chéim fáis, agus tá sonraíochtaí áirithe ann atá riachtanach don chéim mhéathaithe.

Cúis: Leis an leasú, soláthraítear léargas soiléir ar an mbeatha a cheadaítear le linn na céime méathaithe freisin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 15

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach an roinn 'Marú agus gearradh', lena léirítear gurb é 9 mí aois íosta na muice tráth a maraithe. Tá sé sin i gcomhréir leis an gcleachtas atá ann faoi láthair, ar bhonn na tagartha do shonraíochtaí táirge le haghaidh ATFC Prosciutto di Parma agus ATFC Prosciutto di San Daniele. Sonraítear go seiceáiltear an aois trí bhíthin an chneasmhairc tionscnaimh agus/nó trí bhíthin an ghairis aitheantais a chur in ionad an chneasmhairc tionscnaimh nó in éineacht leis, ar a dtugtar tuairisc sa chuid a bhaineann le beathú agus tógáil muc.

Cúis: Leis an leasú sin, déantar an tsonraíocht táirge níos soiléire i ndáil le céim an mharaithe, lena n-áirítear maidir le forbairtí teicneolaíochta a d'fhéadfadh a bheith ann. Trí léiriú a thabhairt ar an modh chun aois muc a ríomh (9 mí ar a laghad), is féidir le hoibreoirí agus leis an gcomhlacht rialúcháin í a ríomh i gceart agus go soiléir.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 16

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach an critéar maidir le haois muc a ríomh chun críche maraithe.

Cúis: Leis an leasú, soiléirítear an tsonraíocht táirge le haghaidh oibreoirí agus chun críoch rialaithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 17

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú tugtar an tagairt do chonablaigh 'H - Trom' atá á n-úsáid chun Culatello di Zibello a tháirgeadh cothrom le dáta trí na catagóirí conablach a fhéadfar a úsáid de réir scála aicmithe an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm a shonrú.

Cúis: Leis an leasú, tugtar na tagairtí do reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm cothrom le dáta agus sonraítear na catagóirí conablach muc a fhéadfar a úsáid chun Culatello di Zibello a tháirgeadh de réir rialacha an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 18

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach an ceanglas nár cheart meáchan gach conablaigh muice aonair a bheith níos troime ná 195,0 kg.

Cúis: Is mar thoradh ar chaighdeáin fheabhsaithe ghéiniteacha, sláinteachais agus sláinte i gcleachtais tógála, i leas ainmhithe agus i gcothú an méadú atá tagtha ar mheáchan muc agus tá nasc idir sin agus an treocht atá ann faoi láthair i bhfeirmeoireacht muc na hEorpa. Tá comhchoibhneas idir meáchain an chonablaigh agus an méadú ar mheáchan an táirge deiridh dá bhforáiltear in Airteagal 6 den tsonraíocht táirge.

Trí mheáchan gach conablaigh aonair a shonrú, is féidir a fhíorú freisin go gcomhlíonann gach muc mharaithe na ceanglais incháilitheachta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 19

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an tríú mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Sonraítear sa leasú nach mór sonraí aicmithe meáchain agus conablaigh a fhionnadh tráth mharú na muc.

Cúis: Leis an leasú, soiléirítear go beacht an tráth nach mór meáchan agus aicmiú a fhionnadh ionas go n-éascófar na seiceálacha gaolmhara.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 20

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an ceathrú mír agus an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, scriostar ábhar an cheathrú mír agus an chúigiú mír d'Airteagal 2.

Cúis: Tá gá leis an scriosadh toisc go mbaineann sé le forálacha a bhaineann leis an gcóras rialúcháin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 21

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an séú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointí 4.4 agus 5 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cumasctar na tagairtí de na hiarbhardais 'Polesine' agus 'Zibello', a thagann anois faoin ainm bardais 'Polesine Zibello'.

Cúis: Tá gá leis an leasú toisc gur bunaíodh an bardas 'Polesine Zibello' le Dlí Réigiúnach Emilia-Romagna Uimh. 20 an 23 Samhain 2015 trí bhardais Polesine agus Zibello, i gcúige Parma, a chumasc. Foilsíodh an dlí seo in Iris Oifigiúil Phoblacht na hIodáile, an 3ú Sraith Speisialta - Réigiúin Uimh. 15 an 9 Aibreán 2016.

Níl aon athrú ar an limistéar táirgeachta le haghaidh ATFC Culatello di Zibello i gceist leis an leasú.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 22

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an séú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointí 4.4 agus 5 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear 'Parmense' le 'San Secondo', a bhí mícheart roimhe seo sa tsonraíocht táirge.

Cúis: Is iomchuí an leasú toisc go gcuirtear isteach leis ainm ceart an bhardais ós rud é gur athraíodh ainm an bhardais ó 'San Secondo' go 'San Secondo Parmense' le Foraithne Ríoga Uimh. 878 an 5 Deireadh Fómhair 1862, mar a foilsíodh in Iris Oifigiúil Phoblacht na hIodáile Uimh. 252 an 24 Deireadh Fómhair 1862.

Níl aon athrú ar an limistéar táirgeachta le haghaidh ATFC Culatello di Zibello i gceist leis an leasú.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 2

Tuairisc

Leasú 23

Baineann an leasú le hAirteagal 2, an séú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointí 4.4 agus 5 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear 'Sissa Trecasali' in ionad na tagartha don bhardas 'Sissa', ag sonrú nach n-áirítear sa limistéar táirgeachta ach an chuid de bhardas Sissa Trecasali a bhíodh ina chuid d'iarbhardas Sissa.

Cúis: Tá gá leis an leasú toisc gur bunaíodh an bardas 'Sissa Trecasali' le Dlí Réigiúnach Uimh. 20 an 7 Samhain 2013 de chuid Emilia-Romagna trí na bardais 'Sissa' agus 'Trecasali', i gcúige Parma, a chumasc. Foilsíodh an dlí seo in Iris Oifigiúil Phoblacht na hIodáile, an 3ú Sraith Speisialta - Réigiúin Uimh. 50 an 14 Nollaig 2013.

Níl aon athrú ar an limistéar táirgeachta le haghaidh ATFC Culatello di Zibello i gceist leis an leasú.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 3

Tuairisc

Leasú 24

Baineann an leasú le hAirteagal 3 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear cosc ar níotráit sóidiam agus/nó photaisiam a úsáid.

Cúis: Leis an leasú, cuirtear an cleachtas atá ann cheana, is é sin nach n-úsáideann táirgeoirí níotráit sóidiam agus/nó photaisiam, rud atá i gcomhréir freisin le moltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le níotráit a laghdú, ar bhonn foirmiúil. Fágann gníomhaíocht an tsalainn agus an tréimhse fhada leasaithe gur féidir sláinteachas agus sábháilteacht bia a ráthú gan na breiseáin sin a úsáid.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4

Tuairisc

Leasú 25

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an dara mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear cosc ar níotráit sóidiam a úsáid.

Cúis: Leis an leasú, cuirtear an cleachtas atá ann cheana, is é sin nach n-úsáideann táirgeoirí níotráit sóidiam, rud atá i gcomhréir freisin le moltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le níotráit a laghdú, ar bhonn foirmiúil. Fágann gníomhaíocht an tsalainn agus an tréimhse fhada leasaithe gur féidir sláinteachas agus sábháilteacht bia a ráthú gan gá leis na breiseáin sin a úsáid.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4

Tuairisc

Leasú 26

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach an raon teochta le haghaidh na seomraí ina bhfágtar an fheoil ina suí, i.e. 'idir 0 °C agus 5 °C'.

Cúis: Is iomchuí an leasú toisc go bhfágann sé gur féidir teocht na seomraí ina bhfágtar an fheoil ina suí a úsáideann táirgeoirí a shonrú. Fágann sé sin go bhfuil an tsonraíocht táirge níos soiléire agus níos saintreoraí, lena n-áirítear chun críoch rialaithe. Tá na teochtaí sin fabhrach d'ionsú cuí an tsalainn ó na sraitheanna is forimeallaí go dtí na sraitheanna is faide isteach.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4

Tuairisc

Leasú 27

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach 6 lá mar an t-íosmhéid agus 21 lá mar an t-uasmhéid a mbeidh an Culatello le cur sa seomra ina bhfágtar an fheoil ina suí.

Cúis: Leis an leasú, is féidir le táirgeoirí measúnú a dhéanamh ar ionsú ceart an tsalainn ó na sraitheanna is forimeallaí go dtí na sraitheanna is faide isteach den Culatello agus áirithítear leis go bhfuil an tsonraíocht táirge níos soiléire agus níos beaichte, lena n-áirítear chun críoch rialaithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4

Tuairisc

Leasú 28

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear an focal '*successivo*' [san Iodáilis] in ionad an fhocail '*successo*'.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun earráid chló sa tsonraíocht táirge a cheartú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4

Tuairisc

Leasú 29

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear an cáilitheoir 'de láimh' leis an bhfocal 'ceangal'.

Cúis: Is iomchuí an tagairt do cheangal de láimh toisc go gcuireann sé feabhas ar bheachtas na sonraíochta táirge agus go gcuireann sé i dtábhacht saintréithe na céime sin a ghlacann táirgeoirí arís agus arís eile.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4

Tuairisc

Leasú 30

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, bogtar an fhoclaíocht ‘De réir mar a théann an leasú ar aghaidh, éiríonn na greamanna níos scaoilte de réir a chéile mar gheall ar an gcrapadh san fheoil’ ón gcúigiú mír d’Airteagal 4 go dtí an mhír dheireanach den airteagal céanna sin.

Cúis: Áirithítear leis an mbogadh sin go socraítear na céimeanna i dtáirgeadh ATFC Culatello di Zibello san ord ceart sa tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4

Tuairisc

Leasú 31

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar an séala aitheantais isteach sa tsonraíocht táirge. Chomh maith le tuairisc a sholáthar, mínítear ann conas atá sé le greamú trí úsáid a bhaint as sreangán déthonach dearg agus bán agus cad chuige é.

Cúis: Is saintréith den táirge é an séala aitheantais, a ghreamaítear de shreangán déthonach dearg agus bán. Tá sé sin i gcomhréir leis an bhfíoras go bhfuil sé in úsáid faoi láthair ag táirgeoirí uile ATFC Culatello di Zibello. Úsáidtear an séala freisin chun tosú na céime próiseála a shainaithint go beacht, chomh maith le seiceálacha éifeachtacha a áirithiú ar chomhlíonadh na n-íoscheanglas leasaithe le haghaidh Culatello di Zibello.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4

Tuairisc

Leasú 32

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach an teimpléad grafach le haghaidh shéala aitheantais Culatello di Zibello agus sonraítear na dathanna a úsáidtear.

Cúis: Trí theimpléad grafach agus sonraíochtaí datha an tséala aitheantais a thabhairt isteach, áirithítear go ndéantar é a atáirgeadh i gceart le haghaidh na húsáide atá beartaithe dó.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 4

Tuairisc

Leasú 33

Baineann an leasú le hAirteagal 4, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Déantar foráil sa leasú maidir leis an úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as gairis aitheantais in ionad an tséala aitheantais arna chur ag an bpróiseálaí, nó in éineacht leis an séala sin.

Cúis: Trí ghairis aitheantais a úsáid in ionad an tséala aitheantais, nó in éineacht leis, is féidir uirlisí rianaithe agus lorgaireachta eile a úsáid i gcomhréir le forbairtí teicneolaíochta.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Tuairisc

Leasú 34

Baineann an leasú le hAirteagal 5, an chéad mhír, den tsonraíocht táirge ach ní bhaineann sé leis an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, leathnaítear an raon teochta le haghaidh leasú, ó 13 °C go 12 °C, agus ó 17 °C go 23 °C.

Cúis: Leis an leasú, is féidir an próiseas leasaithe a bharrfheabhsú le haghaidh táirgeoirí, chun an dath sainiúil a bhíonn air nuair a shlistear é agus an dea-bholadh dian ar saintréith de Culatello di Zibello é a ráthú agus a chothú.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 6

Tuairisc

Leasú 35

Baineann an leasú le hAirteagal 6, an chéad mhír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.2 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Méadaítear leis an leasú meáchan uasta Culatello di Zibello ag deireadh na híostréimhse leasaithe ó 5 kg go 6 kg.

Cúis: Tá nasc idir an t-athrú atá tagtha ar mheáchan an táirge deiridh agus an méadú atá tagtha ar mheáchan na muc agus na gconablach a cheadaítear, agus tá comhchoibhneas idir sin agus táirgeacht theicniúil na gcos muiceola bearrtha a úsáidtear chun Culatello di Zibello a tháirgeadh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 6

Tuairisc

Leasú 36

Baineann an leasú le hAirteagal 6, an ceathrú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.2 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Déantar foráil sa leasú maidir le hathrú ar íoschéatadán NaCl – clóiríd sóidiam – atá á ísliú ó 3,40 go 2,80.

Cúis: Is é is cúis leis an leasú ar íosluach NaCl – clóiríd sóidiam – na hathruithe ar phróifíl chothaitheach agus ar shaintréithe fisiciceimiceacha na feola muiceola, ar athruithe iad atá nasctha le roghnú agus le feabhsú géiniteach le blianta beaga anuas. Tá an t-ábhar salainn níos ísle mar fhreagairt freisin ar na moltaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir leis an gcion sóidiam cothaithe a laghdú.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 7

Tuairisc

Leasú 37

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, scriostar an tagairt don chomhlacht rialúcháin in Airteagal 7.

Cúis: Is nuashonrú riachtanach é an scriosadh chun an tsonraíocht táirge a chur i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm, ós rud é nach gceanglaítear le hAirteagal 49 de Rialachán (AE) 2024/1143 go n-áireofaí tagairtí don chomhlacht rialúcháin sa tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 38

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Ní dhéantar ach athuimhriú ar Airteagal 8 agus ar Airteagal 7 leis an leasú.

Cúis: Tá gá leis an leasú i bhfianaise an oird nua ina socraítear airteagail na sonraíochta táirge, ós rud é nach gceanglaítear le hAirteagal 49 de Rialachán (AE) 2024/1143 go n-áireofaí tagairtí don chomhlacht rialúcháin sa tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 39

Baineann an leasú le hAirteagal 8, an chéad mhír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear '*denominazione di origine protetta*' [ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint] in ionad tagairtí do '*denominazione di origine controllata*' [ainmniúchán tionscnaimh cláraithe].

Cúis: Tá gá leis an leasú chun ailíniú le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le tásca geografacha le haghaidh táirgí talmhaíochta.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 40

Baineann an leasú le hAirteagal 8, an chéad mhír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear an focal '*dicitura*' [tásc] in ionad an fhocail '*menzione*' [téarma].

Cúis: Leis an leasú, déantar an téarmaíocht a úsáidtear sa tsonraíocht táirge a ailíniú leis an téarmaíocht a úsáidtear i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 41

Baineann an leasú le hAirteagal 8, an chéad mhír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach an fhéidearthacht 'ATFC' a úsáid, arb é giorrúchán an táisc 'ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint'.

Cúis: Leis an leasú, déantar an tsonraíocht táirge a ailíniú le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm, go háirithe Airteagal 37(6) de Rialachán (AE) 2024/1143.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 42

Baineann an leasú le hAirteagal 8, an chéad mhír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach foráil lena ndéantar úsáid shiombail ATFC an Aontais Eorpaigh leis an ainmniúchán Culatello di Zibello sainordaitheach.

Cúis: Leis an leasú, is féidir ailíniú a dhéanamh le hAirteagal 37(3) de Rialachán (AE) 2024/1143.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Tuairisc

Leasú 43

Baineann an leasú le hAirteagal 8, an cúigiú mír, den tsonraíocht táirge agus le pointe 4.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, tugtar isteach mír shonrach a ghabhann le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge maidir leis na bealaí agus na formáidí inar féidir Culatello di Zibello a mhargú:

— iomlán, iata i lamhnán nó i gcásáil, ceangailte le sreangán déthonach agus ar a bhfuil an séala aitheantais agus/nó gaireas malartach;

— iomlán, gan lamhnán ná cásáil, folúsphacáilte, ceangailte le sreangán déthonach agus ar a bhfuil an séala aitheantais agus/nó gaireas malartach;

— roinnte ina dhá chuid shlisnithe, gan lamhnán ná cásáil, folúsphacáilte, ceangailte le sreangán déthonach agus ar a bhfuil an séala aitheantais agus/nó gaireas malartach;

— slisnithe, in atmaisféar cosanta nó folúsphacáilte.

Cúis: Leis an leasú, soláthraítear faisnéis shoiléir sa tsonraíocht táirge maidir leis na bealaí agus na formáidí nach mór Culatello di Zibello a mhargú iontu. Tá sé sin tairbheach chun a áirithiú go bhfuil sé inaitheanta do thomhaltóirí, go háirithe i bhfianaise ábharthacht mhéadaitheach táirgí atá réamhphacáistithe don mhargadh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 8 nua a chur isteach

Tuairisc

Leasú 44

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge agus le pointe 6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear Airteagal 8 nua 'Nasc leis an timpeallacht' leis an tsonraíocht táirge. Tugtar tuairisc ann ar an nasc idir Culatello di Zibello agus a thimpeallacht, ar bhonn na faisnéise a sholáthraítear i bpointe 5(d) agus (f) den iarratas ar chlárú (bileog achoimre) Culatello di Zibello mar ATFC, a seoladh in 1994 de bhun Airteagal 17 de Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 ón gComhairle an 14 Iúil 1992 a bhí infheidhme an tráth sin.

Cúis: Leis an gcur isteach, is féidir ailíniú a dhéanamh le forálacha reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm, go háirithe Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) 2024/1143.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 9 nua a chur isteach

Tuairisc

Leasú 45

Baineann an leasú le hAirteagal 9 den tsonraíocht táirge ach ní dhéanann sé difear don doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear Airteagal 9 'Cruthúnas tionscnaimh' isteach sa tsonraíocht táirge. Deirtear san fhoráil sin gur gá faireachán a dhéanamh ar na páirtithe uile i slabhra táirgeachta an TGFC agus iad a chur faoi rialú an chomhlachta rialúcháin chun a áirithiú go bhfuil an táirge a bhfuil a ainm cláraithe inaimsithe agus inrianaithe.

Cúis: Is gá an t-airteagal seo a chur isteach chun an tsonraíocht táirge a thabhairt i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Culatello di Zibello'

Uimhir thagartha AE: STFC-IT-1540-AM03 — 20.2.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Culatello di Zibello'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

16 — ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Baineann Culatello di Zibello le catagóir na dtáirgí atá leasaithe go nádúrtha, lena dtomhailt amh. Bíonn cruth piorra saintréithiúil ar an táirge críochnaithe tar éis leasú agus bíonn ciseal tanaí saille air sa chuid dhronnach, bíonn sreangán casta timpeall air ionas go gcruthaítear líon leathanmhogaill saintréitheach. Bíonn dath dearg aonfhoirmeach air nuair a ghearrtar é, agus bíonn saill bhán idir fíocháin na matán. Bíonn an blas sainiúil, séimh agus éadrom.

I ndeireadh na tréimhse leasaithe íosta, ní mór meáchan idir 3 kg agus 6 kg a bheith in Culatello di Zibello. Nuair a scaoiltear lena thomhailt é, ní mór na hairíonna ceimiceacha agus fisiciceimiceacha seo a leanas a bheith ann, arna gcinneadh trí úsáid a bhaint as samplaí ó chuid lárnach de Culatello di Zibello:

pH	Uas.: 6,75	Íos.: 5,80
NaCl %	Uas.: 5,40	Íos.: 2,80
Cion taise	Uas.: 51,00	Íos.: 38

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

Tagann an bheatha le haghaidh na muc ón limistéar geografach ina dtógtar iad. I mblianta áirithe, áfach, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé indéanta go teicniúil, ar chúiseanna a bhaineann leis an aeráid nó ar chúiseanna tráchtála, 100 % den bheatha le haghaidh na muc a fháil go háitiúil. Sna cásanna sin, chun an nasc leis an gcríoch agus cáilíocht Culatello di Zibello a ráthú, áirithítear i gcónaí go dtagann 50 % ar a laghad d'ábhar tirim na n-amhábhar le haghaidh na muc, ar bhonn bliantúil, ón limistéar geografach ina dtógtar iad.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim de tháirgeadh Culatello di Zibello, ó shailleadh go críoch na híostréimhse leasaithe, a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe, lena gcuimsítear críocha na mbardas seo a leanas: Polesine Zibello, Busseto, Soragna, Roccabianca, San Secondo Parmense, Sissa Trecasali (an chríoch a bhain le hiarbhardas Sissa amháin), agus Colorno.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Féadfar Culatello di Zibello a chur i láthair lena dhíol ag deireadh na híostréimhse leasaithe sna formáidí seo a leanas:

— iomlán, iata i lamhnán nó i gcásáil, ceangailte le sreangán déthonach agus ar a bhfuil an séala aitheantais agus/nó gaireas malartach;

— iomlán, gan lamhnán ná cásáil, folúsphacáilte, ceangailte le sreangán déthonach agus ar a bhfuil an séala aitheantais agus/nó gaireas malartach;

— roinnte ina dhá chuid shlisnithe, gan lamhnán ná cásáil, folúsphacáilte, ceangailte le sreangán déthonach agus ar a bhfuil an séala aitheantais agus/nó gaireas malartach;

— slisnithe, in atmaisféar cosanta nó folúsphacáilte.

Is éard atá sa séala aitheantais i bhFíor 1 píosa cairtchláir ghreamaithigh dhronuilleogaigh atá frithsheasmhach in aghaidh taise agus a bhfuil dath na tuí agus litreoireacht donnrua air.



Féadfar úsáid gairis aitheantais eile arna formheas ag an gcomhlacht rialúcháin a cheadú in ionad an tséala sin nó in éineacht leis.

Ní mór an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Culatello di Zibello' a bheith ar an lipéad i litreacha soiléire doscriosta is féidir a idirdhealú go hiomlán ó aon scríbhinn eile agus ní mór an tásc 'Denominazione di Origine Protetta' [ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint] nó an giorrúchán 'DOP' [ATFC] a chur díreach ina dhiaidh, mar aon le siombail ATFC an Aontais Eorpaigh.

Féadfaidh lógó an ainmniúcháin, i gcás inarb infheidhme, a bheith ag gabháil leis na tásca sin. Toirmisctear aon tuairisc eile nach gceadaítear go sainráite. Mar sin féin, údaraítear úsáid a bhaint as tásca lena ndéantar tagairt d'ainmneacha, d'ainmneacha cuideachta agus do bhrandaí príobháideacha, ar choinníoll nach bhfuil aon chiall mholta leo agus nach gcuirfidís an ceannaitheoir amú, mar aon le hainmneacha na bhfeirmeacha muc as a dtagann an táirge.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Táirgtear Culatello di Zibello go heisiach ó mhuca a bheirtear, a thógtar, a mharaítear agus a ndéantar codanna de sa limistéar geografach ina bhfuil críoch na réigiún seo a leanas: Emilia-Romagna agus an Lombaird.

Tá na bardais seo a leanas sa limistéar táirgeachta le haghaidh Culatello di Zibello: Polesine Zibello, Busseto, Soragna, Roccabianca, San Secondo Parmense, Sissa Trecasali (an chríoch a bhain le hiarbhardas Sissa amháin), agus Colorno.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Tá an cháil atá ar Culatello Zibello nasctha leis na háiteanna ina dtáirgtear go traidisiúnta é. Is fada siar a théann tionscnamh an táirge, ar tionscnamh é a bhain le pórú áitiúil muc a scaip níos faide i gcéin, agus a bhain freisin le dálaí aeráide ar leith limistéar Bassa Parmense agus roinnt limistéar ar an teorainn idir cúigí Piacenza agus Parma. Is iomaí tagairt stairiúil atá le fáil i scríbhinní go leor fear mór le rá: an croiniceoir Bonaventura Angeli, ina 'Historia della città di Parma', an staraí Angelo Pezzana, agus roinnt mhaith daoine eile. Faoi láthair, tá an tsonraíocht táirge ailínithe leis na rialacháin náisiúnta shonracha maidir le hainmniúcháin tionscnaimh Prosciutto di Parma agus Prosciutto di San Daniele.

Tá saintréithe sa táirge sin a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh aige atá múnlaithe ag an timpeallacht agus ag tosca nádúrtha agus daonna. Go háirithe, baineann airíonna an amhábhair go sonrach leis an macrairéigiún geografach sainithe. Sa limistéar arb é foinse an amhábhair é, tá forbairt na feirmeoireachta stoic nasctha le saothrú forleathan barr gránach agus le modhanna oibre san earnáil déiríochta atá thar a bheith speisialaithe agus a spreag feirmeoireacht muc go háitiúil. Tá údar le próiseáil logánta Culatello mar gheall ar na dálaí sa mhicrilimistéar a shainítear i bpointe 4. Eascraíonn an nasc leis an timpeallacht gheografach as na dálaí aeráide ar leith (bogthaise ard) sna limistéir gar don Phó a raibh baint acu go traidisiúnta le táirgeadh Culatello. Tá an meascán sin de 'amhábhar – táirge – ainmniúchán' nasctha chomh dlúth sin le forbairt shocheacnamaíoch an limistéir gur eascair saintréithe as nach féidir a atáirgeadh in áiteanna eile

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252F8%252F4%252FD.1cc68685146640725805/P/BLOB%3AID%3D3339/E/pdf?mode=download